

## Treoircheisteanna ar Thorthaí Foghlama a Chomhtháthú ar fud na Snáitheanna

Conas a chuireann mé na torthaí foghlama ó shnáitheanna éagsúla le chéile ar bhealach comhtháite?

Cabhróidh na ceisteanna seo a leanas:

### Snáithe 1:

- Céard ba mhian liom go mbeadh mo scoláirí ábalta a dhéanamh sa sprioctheanga ag deireadh an aonaid seo?
- Cén chéim ag a bhfuil na scoláirí ina gcuid foghlama?
- Céard a d'fhoghlaim siad go dtí an bpointe seo agus cá háit a bhfuil muid ag dul anois?
- Ar mhaith liom díriú ar scil teanga ar leith nó ar mhaith liom scil gabhchumais a chomhcheangal le scil ginchumais oiriúnach?

### Snáithe 2:

- Céard atá ar eolas acu go dtí seo, ó thaobh teangacha a foghlaim de, a chabhróidh leo?
- Céard atá ar eolas acu go dtí seo, ó thaobh na sprioctheanga de nó ó thaobh phróisis foghlamtha teanga de a chabhróidh leo?

### Snáithe 3:

- Céard é comhthéacs na teanga réadaí ina mbeadh siad in ann cumarsáid a dhéanamh?
- Céard ba mhaith le mo chuid scoláirí fáil amach faoi shaol na dtíortha iasachtacha a baineann lena gcéim agus lena n-aois?

